Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13504/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0307(NLE)**

**ACP 92**
**FIN 1142**
**PTOM 17**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar thríú tráthchuid le haghaidh 2025 |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar thríú tráthchuid le haghaidh 2025**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo[1] ('an Comhaontú Inmheánach'), agus go háirithe Airteagal 7(2) i gcomhar le hAirteagal 14(3), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323[2], agus go háirithe Airteagal 19(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_eums/2013/806/oj.
[2] IO L 307, 3.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1877/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear an treoir ranníoca le haghaidh gach páirtí sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) le hAirteagal 1 den Chomhaontú Inmheánach.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) le meastacháin nuashonraithe ar ghealltanais agus íocaíochtaí faoi na hionstraimí a bhainistíonn sé a sheoladh chuig an gCoimisiún.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Coimisiún le togra a chur i láthair faoin 10 Deireadh Fómhair 2025 lena leagfar amach méid an tríú tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2025.

(4) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877, le glaonna ar ranníocaíochtaí, ídeofar ar dtús na méideanna a leagtar amach le haghaidh CEFanna a bhí ann roimhe seo. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar ranníocaíochtaí de bhun Rialachán (AE) 2018/1877, le haghaidh an Choimisiúin agus le haghaidh BEI a dhéanamh.

(5) Le Cinneadh (AE) 2024/2906 ón gComhairle[3], socraítear méid bliantúil na ranníocaíochta atá le híoc ag na páirtithe in CEF le haghaidh 2025 ag EUR 800 000 000 i gcás an Choimisiúin agus ag EUR 9 000 000 i gcás BEI. Ghlaoigh BEI a sciar uile den 11ú CEF leis an gcéad tráthchuid de 2025.

---

[3] Cinneadh (AE) 2024/2906 ón gComhairle an 14 Samhain 2024 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2026, an méid bliantúil le haghaidh 2025, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2025 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2027 agus 2028 (IO L, 2024/2906, 19.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2906/oj).

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart dó a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, socraítear méid na ranníocaíochtaí atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) mar thríú tráthchuid le haghaidh 2025 ag EUR 200 000 000 i gcás an Choimisiúin.

*Airteagal 2*

Déanfaidh na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta ranníocaíochtaí aonair an Chiste Eorpaigh Forbraíochta a íoc leis an gCoimisiún mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2025, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN

An tríú tráthchuid de ranníocaíochtaí CEF le haghaidh 2025 (EUR) leis an gCoimisiún*

| NA BALLSTÁIT & RA | Treoir 11ú CEF % | Tríú tráthchuid 2025 (EUR) |
|---|---|---|
| AN BHEILG | 3,24927 | 6 498 540 |
| AN BHULGÁIR | 0,21853 | 437 060 |
| AN tSEICIA | 0,79745 | 1 594 900 |
| AN DANMHAIRG | 1,98045 | 3 960 900 |
| AN GHEARMÁIN | 20,57980 | 41 159 600 |
| AN EASTÓIN | 0,08635 | 172 700 |
| ÉIRE | 0,94006 | 1 880 120 |
| AN GHRÉIG | 1,50735 | 3 014 700 |
| AN SPÁINN | 7,93248 | 15 864 960 |
| AN FHRAINC | 17,81269 | 35 625 380 |
| AN CHRÓIT | 0,22518 | 450 360 |
| AN IODÁIL | 12,53009 | 25 060 180 |
| AN CHIPIR | 0,11162 | 223 240 |
| AN LAITVIA | 0,11612 | 232 240 |
| AN LIOTUÁIN | 0,18077 | 361 540 |
| LUCSAMBURG | 0,25509 | 510 180 |
| AN UNGÁIR | 0,61456 | 1 229 120 |
| MÁLTA | 0,03801 | 76 020 |
| AN ÍSILTÍR | 4,77678 | 9 553 560 |
| AN OSTAIR | 2,39757 | 4 795 140 |

| NA BALLSTÁIT & RA | Treoir 11ú CEF % | Tríú tráthchuid 2025 (EUR) |
|---|---|---|
| AN PHOLAINN | 2,00734 | 4 014 680 |
| AN PHORTAINGÉIL | 1,19679 | 2 393 580 |
| AN RÓMÁIN | 0,71815 | 1 436 300 |
| AN tSLÓIVÉIN | 0,22452 | 449 040 |
| AN tSLÓVAIC | 0,37616 | 752 320 |
| AN FHIONLAINN | 1,50909 | 3 018 180 |
| AN tSUALAINN | 2,93911 | 5 878 220 |
| AN RÍOCHT AONTAITHE | 14,67862 | 29 357 240 |
| IOMLÁN AE-27 & RA | 100,00 | 200 000 000 |

* Ghlaoigh BEI a sciar uile den 11ú CEF leis an gcéad tráthchuid de 2025.